



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP-311549-21

Cás	Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uisce Éireann (Tionscadal Fuíolluisce LIHAF Mhainistir na Corann) 2021
Dáta	Dé Céadaoin 9 Márta, 2022
Am Tosaithe	10:00
Suíomh	Go fíorúil ar Microsoft Teams

Clár Oibre

Am (táscach)	Topaic
10:00	Ráiteas Oscailte an Chigire
10:10	Uisce Éireann (UÉ): (i) Foramharc gairid ar an OCÉ agus ar an bhforbairt a d'éascódh an OCÉ. (ii) Cosaint do cheannach na talún le tagairt dá nádúr agus dá fairsinge agus do na roghanna eile a breithníodh, agus (iii) Freagraí ar uirill scríofa na nAgóideoirí.
11:00	Sos
11:15	An tAgóideoir: Cásanna a chur i láthair ag míniú aighneachtaí scríofa: (i) Liam Walsh Agri Ltd

Am (táscach)	Topaic
11:45	Aon cheist (más gá): (i) Agóideoirí i leith UÉ, (ii) UÉ le hAgóideoirí, agus (iii) Cigire le UÉ agus/nó Agóideoir.
12:15	Ráitis deiridh (más cúí): (i) UÉ, agus (ii) Agóideoir. Dúnadh na héisteachta ó bhéal - An Cigire

Nótaí:

- Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach rannpháirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.
- Níl dualgas dá laghad ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin níor chóir athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.
- Gheofar cóip de na rialacha le bheith rannpháirteach san éisteacht ó bhéal ar ár láithreán gréasáin ag www.pleanala.ie
- Gheofar cabhair chun páirt a ghlacadh san éisteacht ó bhéal go cianda agus treoir faoin tslí le hé sin a dhéanamh ar ár láithreán gréasáin ag www.pleanala.ie
- I gcás ina mbeartaíonn tú cóipeanna scríofa de d'aighneacht a sholáthar, ansin ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad

roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).

- I gcás ina mbeartaíonn tú áiseanna amhairc (léirithe, léarscáileanna, grianghraif srl.) a úsáid, ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord dhá lá ar a laghad roimh an éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).
- Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh ná i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.
- Déanfaidh soláthraí atá fostaithe ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirfear i láthair na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh. Ní ceadmhach duit na himeachtaí ag éisteacht ó bhéal a thaifeadadh.
- Níor chóir go mairfeadh ráitis deiridh níos faide ná deich nóiméad agus níor chóir aon cheist nua a tharraingt anuas.
- Ag deireadh na héisteachta, ullmhóidh an Cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás le cur faoi bhráid an Bhoird. Is é an Bord a chinnfidh cibé an ndeimhneofar an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó an gcuirfear ar neamhní é.
- Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.